Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Iúil '11.

Eolas ón nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

Sa leathanach thíos tá ceisteanna a chuirtear go minic ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Siad a n-uimhreacha líne chabhrach íosghlao ná 1890 432 432 nó (01) 402 5555. Tá na línte ar oscailt ón Luan go dtí an Aoine 9rn-6in. www.consumerconnect.ie

Ceist: Bhí an praghas ar lipéad ar sheilf níos lú ná an praghas a taispeánadh ag an scipéad airgid nuair a bhí an táirge á scanadh. An bhfuil sé de cheart agam an táirge a cheannach ar an bpraghas níos ísle?
Freagra: Níl ceart uathoibríoch agat an táirge a cheannach ar an bpraghas níos ísle. Níl ann ach treoir ar phraghsanna a úsáidtear mar chuireadh chun táirgí a cheannach. Má tá an praghas ceart curtha in iúl duit sara gceannaíonn tú é níl tú i dteideal an praghas níos ísle a fháil. Sa chás seo, tá rogha agat na táirgí a fhágaint, gan iad a cheannach, nó iad a cheannach ar an bpraghas níos airde. Muna raibh an praghas ceart curtha in iúl duit roimh ré, sé an moladh a thugann an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ná; dul thar n-ais agus an neamhréiteach a chur in iúl don miondíoltóir. De réir dlí, níl dualgas ar an miondíoltóir an difríocht a aisíoc, ach tá polasaí ag a lán díobh an t-airgead a aisíoc seachas bheith ag cailicéireacht. Ba chóir duit do admháil nó cruthúnas ar cheannach a thabhairt leat chun a thaispeáint gur gearradh praghas níos airde ort ná an praghas a taispeánadh ar an tseilf. Ba chóir duit an táirge a thabhairt leat freisin. Má ghearrtar praghas níos airde ná an praghas a taispeánadh is cleachtas tráchtála míthreorach é de réir an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí agus ba choir duit é a chur in iúl don nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.

Ceist: Tá táirge lochtach agam ach chaill mé mo admháil. An bhfuil aon chearta agam?
Freagra: Tá gnó i dteideal cruthúnas ar cheannach a lorg sara dtugtar aon shásamh. Tá an dualgas ar an dtomhaltóir a fháil amach cathain agus cén áit a cheannaíodh an táirge. Seo an chúis go bhfuil sé tábhachtach do admhálacha a choimeád. Glactar le comhdhuille seic, ráiteas cárta creidmheasa agus ráiteas bainc freisin mar chruthúnas ar cheannach.

Ceist: Tá dearbhán bronntanais agam a chuaigh as dáta mí ó shin. Cad ba chóir dom a dhéanamh?
Freagra: Is táirge é dearbhán bronntanais atá á dhíol ag an miondíoltóir nó soláthraí seirbhíse agus is féidir leo coinníollacha agus téarmaí a leagadh amach mar shampla an dáta éaga atá ag gabháil leis. Caithfidh na coinníollacha agus téarmaí a bheith luaite go soiléir, de ghnáth ar aghaidh nó ar chúl an dearbháin (mar shampla cathain a rachaidh an dearbhán as dáta). Ón am a mbíonn an dáta éaga thart níl dualgas a thuilleadh ar an miondíoltóir glacadh le luach an dearbháin, cé go nglactar leo uaireanta mar chomhartha dea-mhéin. Ar an gcuma chéanna, má chailleann tú dearbhán, níl dualgas ar an miondíoltóir ceann eile a thabhairt in a ionad. Ba chóir duit an t-eolas a bheith agat faoi na coinníollacha agus na téarmaí sara gceannaíonn tú an dearbhán mar bhíonn coinníollacha difriúla ag na miondíoltóirí éagsúla.

An chéad chraoladh den Late Late Show: 6ú Iúil, 1962

Bhí sé beartaithe go líonadh an clár "The Late Late Show" an bhearna don tSamhradh ach thaitin sé chomh mór leis an bpobal gur cuireadh isteach sa sceideal rialta é. B'é Tom Mc Grath, léiritheoir an chláir, a tháinig suas leis an smaoineamh don chlár, mar theastaigh uaidh leagan Éireannach den chlár " The Tonight Show" a chur i láthair in Éirinn. Bhí Gay Byrne ina láithreoir agus d'fhan sé ar feadh 37 bliain ina dhiaidh sin. Sé an bunsmaoineamh a bhí ag Tom Mc Grath ná go mbeadh an clár neamhfhoirmiúil le daoine ag bualadh isteach chun caint agus comhrá a bheith acu.
Déanadh fóram tábhachtach den Late Late Show le tabhairt faoi cheisteanna agus díospóireacht faoin tsaol a bhí ag athrú in Éirinn. Craoladh an chéad chlár den Late Late Show ag 11.20in ar an 6ú Iúil 1962. Ag an am bhí sé neamhghnách clár siamsaíochta beo a chraoladh chomh déanach sa thráthnóna don lucht féachana. Siad na haíonna a bhí ar an gcéad chlár ná an Cunta, Cyril McCormack, Ken Gray, George Desmond Hodnett agus Harry Thuillier. Tá an clár á chraoladh fós sa lá atá inniu ann agus á chur i láthair ag Ryan Tubridy .

mfg-Meitheal Mhúscraí, Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le MFG-Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999.

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Le Coinne, Teil 026 40999.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.
Breis eolais ar fáil: 026 40999

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
28ú Iúil le coinne, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, le coinne. Dáta le socrú.
Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.

"Lón an Lae" 11/7/2011
Anraith Prátaí agus Cainneann Baile
. . .
Mairteoil Rósta le Cairéid, Cóilis,
Anlann Cáise agus Prátaí Bhruite,
. . .
Maróg Aráin agus Ime le Custard Te,
. . .
Tae, Caife agus Císte Maidéarach

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Do choinne glaoigh ar 026 45559 nó 40999.
Scoraíocht: 28ú Iúil, 8in – 10in.
Breis eolais ar fáil: 026 40999 / 45559

Freagraí ón mí seo caite.

Cleas Inchinne: An freagra ná: rún.
Dúcheist Tapaidh: Tógfaidh sé cúig uair a chloig chun an ceann scríbe a aimsiú. Tá slí do sheisear sa ghluaisteán ach bíonn ar dhuine amháin é a thiomáint siar agus anoir.

Dúcheist Tapaidh

Ceapann Joe go bhfuil a uaireadóir cúig nóiméad mall, ach tá sé cúig nóiméad tapaidh. Ceapann a chara, Peter go bhfuil a uaireadóir cúig nóiméad tapaidh ach tá sé cúig nóiméad mall. Má táid ag iarraidh buaileadh lena chéile ag pointe áirithe, ag an am céanna, ag dul de réir a n-uaireadóirí, cé acu Peter nó Joe a shroichfidh an áit ar dtús, agus an mbeidh sé luath nó déanach?

Cleas Inchinne

Tá naoi boinn agat. Tá ceann des na boinn bréagach agus tá sé níos éadroime ná na cinn eile. Le meá a úsáid faoi dhó, conas is féidir leat an bonn bréagach a aimsiú?

Stair na mBuataisí Rubair

Tá buataisí rubair, nó 'wellies', bunaithe ar bhuataisí leathair 'hessian'. B'é Arthur Wellesley, an chéad Diúc de Wellington, a chaith na buataisí seo don chéad uair. Thug an Diúc de Wellington ordú dá ghréasaí, Hoby, ó Shráid Naomh Shéamais i Londain, chun a bhuataisí hessian a athrú. Bhí na buataisí nua déanta de leathar bog, bhí an maisiú bainte díobh agus bhíodar ghearrtha ionas go mbeidís níos compordaí timpeall na gcos. Buataisí le sál íseal ab ea iad, a stop leath slí suas an colpa. Bhíodar buanfasach ach fós bhíodar compordach. Tugadh an t-ainm 'Wellington' ar na buataisí seo agus tá an t-ainm orthu ó shin i leith.

Fíricí Suimiúla

Bíonn meáchan cúig tonna ag míol mór gorm nuabheirthe agus ólann sé 400 lítear de bhainne gach lá.

Tá an Indinéis déanta suas de 3000 oileáin.

Is iad an síota agus an cúgar na cait mhóra a bhíonn ag crónán.

Arbhar maith á Fhás

Bhí feirmeoir ann uair amháin a bhuaigh duais don arbhar a bhí á fhás aige. Gach bhliain chuir sé isteach ar chomórtas ag an aonach agus bhuaigh sé ribín gorm. Chuir tuairisceoir agallamh air bliain amháin, agus fuaireadh amach go raibh sé ag roinnt a shíolta lena chomharsana. Chuir an tuairisceoir an cheist seo air, " Conas is féidir leat do shíolta a roinnt le do chomharsana nuair atáid ag cur isteach ar an gcomórtas cosúil leat féin gach bhliain", Is é an freagra a thug an feirmeoir ná " Nách bhfuil fhios agat, a dhuine uasail, go bpiocann an ghaoth suas an phailin ón arbhar atá ag aibiú agus scaipeann sé ó pháirc go páirc í. Muna fhásann mo chomharsana arbhar maith, beidh crosphailniú ag déanamh dochar do mo arbhar agus beidh caighdeán lag agam. Má theastaíonn uaim arbhar maith a fhás, caithfidh mé cabhrú le mo chomharsana arbhar maith a fhás chomh maith".

Treánna Éireannacha

Na trí chomhartha ar dhea-aimsir: gealach ghlan, gaoth anoir agus grian réidh um thráthnóna.
The three signs of good weather are a clear moon, an easterly wind and a red evening sky.

Na trí ainmhithe is deacra a mhúineadh: asal, muc agus miúil.
The three most difficult animals to teach: a donkey, a pig and a mule.